2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabail bhunúsacha agus ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear, go háirithe, prionsabal fheidhmiú éifeachtach chearta na cosanta, prionsabal an neamh-idirdhealaithe, prionsabal na rúndachta, prionsabal na comhréireachta agus prionsabal an dea-riaracháin.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an bprionsabal lena n-éilítear ar lucht an riaracháin cinneadh a dhéanamh ar fhorais atá inghlactha go dlíthiúil, is é sin le rá, atá ábhartha agus nach bhfuil curtha ó bhail trí earráidí follasacha measúnaithe, fíorais nó dlí, agus trí iomarca agus mí-úsáid cumhachta.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim agus go mbaintear an bonn de dhínit agus de chlú an iarratasóra.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh, *inter alia*, Airteagail 4, 5, 14, 16(2)(b) agus (e), 16(3), 17(1) (e) agus (g), 18 agus 19 de Rialachán (AE) 2018/1725 [3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE.

---

(1) Sonraí faoi rún folaithe.
(2) IO 2013 L 248, lch. 1.
(3) IO 2018 L295, lch. 39

---

**Caingean arna tabhairt an 9 Eanáir 2023 – UA v EUAA**

**(Cás T-3/23)**

(2023/C 63/84)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* UA (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean inghlactha agus bunús maith leis agus mar gheall air sin;

— Cinneadh Uimh. 99 dá dtagraítear (*faoi rún*) [1] arna ghlacadh ag Bord Bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann an (*faoi rún*), arna chur in iúl trí phost an [faoi rún] ag rúnaíocht an Bhoird Bainistíochta, agus, a mhéid is gá, gach gníomh agus cinneadh ullmhúcháin agus/nó cur chun feidhme lena gcinn an Bord Bainistíochta "go n-ordófar do (*faoi rún*) an damáiste a d'fhulaing an Ghníomhaireacht mar thoradh ar mhí-iompar pearsanta tromchúiseach is bun lena dliteanas airgeadais pearsanta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chúiteamh. Cuirfear na bearta agus na socruithe lena gcuirfear an cúiteamh seo i bhfeidhm in iúl go leithleach chuig (*faoi rún*)" a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir cúiteamh sealadach de EUR 25 000 a íoc mar chúiteamh ar an damáiste ábhartha agus neamhábhartha go léir, faoi réir leasuithe le linn na n-imeachtaí;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 22 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne") is infheidhme de réir analaí maidir le seirbhísigh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go ndearnadh sárú ar na Treoirlínte maidir le hAirteagal 22 de na Rialacháin Foirne (freagracht airgeadais oifigeach) a chur i bhfeidhm agus go háirithe Airteagail 2.1, 2.3.2 agus 3.2 dóibh, go ndearnadh sárú ar chearta cosanta, go háirithe Airteagail 3, 4 agus 22 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (ceart chun éisteachta) arna déanamh infheidhme le hAirteagal 22 de na Rialacháin Foirne, go ndearnadh sárú ar Airteagail 41(1) agus (2)(a), 48 agus 51(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, easpa ábharthachta na bhfíricí líomhnaithe, ráiteas ar chúiseanna neamhleor, sárú ar an bprionsabal *non bis in idem*, sárú ar an dualgas cúraim i leith oifigigh, sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, an dea-riaracháin agus na comhréireachta, prionsabal na seirbhíse poiblí amháin agus na córa comhionainne, sárú ar an bprionsabal go gcaithfear doiciméid a fhorléiriú de réir a dtéarmaí iarbhír agus mí-úsáid cumhachtaí.

---

([1]) Sonraí rúnda fágtha ar lár.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Eanáir 2023 – Illumina v an Coimisiún**

**(Cás T-5/23)**

(2023/C 63/85)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Illumina, Inc. (Wilmington, Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: D. Beard, F. González Dias, M. Siragusa agus T. Spolidoro, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an Choimisiúin an 28 Deireadh Fómhair 2022 i gCás M.10938 – Illumina/GRAIL (an Cinneadh) a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún costais dlí an iarratasóra agus táillí agus speansais eile arna dtabhú i ndáil leis an iarraidh seo.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh earráid dlí leis an gCinneadh, agus go ndearnadh earráidí fíorais agus measúnaithe leis, ar theacht ar an tuairim leis gur comhlíonadh na coinníollacha chun bearta eatramhacha *ex* Airteagal 8(5)(c) de Rialachán Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais ([1]) a rialú (an Rialachán um Chumaisc).

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an Cinneadh díréireach, go ndéantar earráidí fíorais agus measúnaithe leis, go mainnítear cúiseanna leordhóthanacha a shonrú leis, agus/nó go gcuirtear ó bhail é de dheasca easpa spreagtha, ar chinneadh leis go raibh na bearta eatramhacha riachtanach agus iomchuí chun críocha cuspóirí Airteagal 8(5)(c) den Rialachán um Chumaisc.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil forálacha an Chinnidh maidir le maoiniú díréireach mar go gcuirtear srian leo go héagórach ar chumas Illumina athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht iarratais maoinithe.